nuachtncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Bealtaine 2009 Eagrán 1

Fáilte

Sydney Blain, Cathaoirleach

Cuirim fáilte romhaibh, mar chathaoirleach na Comhairle, chuig ár gcéad Nuachtlitir.

Beidh an-chuid díobh ar an eolas faoi roinnt gníomhaíochtaí na Comhairle. Creidimse go dtabharfaidh an Nuachtlitir seo, a bhfuil sé beartaithe ag an gComhairle a fhoilsiú dhá uair sa bhliain, tuiscint níos fearr daoibh, afách, ar raon ghníomhaíochtaí agus ar oibriú na Comhairle. Go deimhin, tá sé mar rún ag an gComhairle go mbeidh feidhm bhreise ag an Nuachtlitir agus go gcuirfidh sí deiseanna ar fáil daoibh chun tuairimí agus ailt a chur léi a léireoidh bhur dtaithí ar na héachtaí agus na deacrachtaí a thagann chun cinn maidir le gach gné d'oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ina thaobh sin, déanfaimid breathnú ar thuairimí agus ailt ó thuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile a bhfuil saineolas nó taithí ábhartha acu ar oideachas speisialta, le haghaidh foilsithe.

Agus an chéad eagrán seo léite agam, mholfainn go láidir daoibh féachaint ar ár láithreán gréasáin, www.ncse.ie, go rialta chun faisnéis cothrom le dáta a fháil faoin obair a dhéanaimid, go háirithe tuarascálacha taighde, agus go mbainfidh sibh úsáid as naisc chuig láithreáin ghréasáin eile a bhfuil faisnéis faoi sholáthar oideachais speisialta ar fáil orthu.

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Pat Curtin, Príomhfheidhmeannach

Eolas faoin gComhairle Is comhlacht reachtúil é an NCSE a bunaíodh faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004. Ó bunaíodh ár gcomhlacht 5 bliana ó shin, dhíríomar ar eagraíocht a fhorbairt a sholáthraíonn seirbhís thráthúil agus éifeachtúil do scoileanna, agus teagasc agus acmhainní Cúntóra Riachtanas Speisialta á gceadú chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Seachadtar ár seirbhís áitiúil trínár líonra náisiúnta Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENOanna) a bhíonn ag idirghníomhú le tuismitheoirí agus scoileanna agus a dhéanann idirchaidreamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le hacmhainní a sholáthar chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Iarratais ar Thacaíocht Éacht ollmhór sa réimse seo ab ea gur glanadh an riaráiste iarratas ar thacaíocht a bhí ann nuair a bunaíodh ár gcomhlacht. Pléimid anois le breis is 20,000 iarratas in aghaidh na bliana agus cuirimid ár gcinntí in iúl do scoileanna laistigh de thréimhse idir 6 agus 8 seachtaine. Oibrímid laistigh de pharaiméadair bheartais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus acmhainní do scoileanna á gceadú againn. Labhraíonn ár SENOanna le scoileanna, tuismitheoirí, soláthraithe FSS agus daoine gairmiúla eile agus an méid sin á dhéanamh, áfach, sula ndéanann siad cinntí, ar mhaithe lena chinntiú gurb é an cinneadh a dhéanfar an cinneadh is oiriúnaí don dalta aonair.

Comhordú thacaíochtaí na seirbhísí Oideachais agus Sláinte Príomhaidhm de chuid na Comhairle is ea an comhordú idir na hearnálacha oideachais agus sláinte a fheabhsú de réir a chéile maidir le tacaíochtaí a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an méid sin á dhéanamh againn trí rannpháirtíocht sa Ghrúpa Tras-Earnála Oideachais/Sláinte, a n-áirítear ionadaíocht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus ó FSS air ag an leibhéal áitiúil agus trí idirghníomhú le FSS agus a soláthraithe seirbhíse ag an leibhéal áitiúil.

Comhairle Thaighde agus Bheartais Tá clár taighde substaintiúil ar bun againn anois agus beidh torthaí chéad cheann na dtionscadal á bhfoilsiú againn gan mhoill. Cabhróidh an taighde sin le bonn eolais a chur ar fáil don chleachtas is fearr sa réimse oideachais speisialta agus cuirfidh sé bonn ar fáil chun comhairle bheartais a fhorbairt de réir mar is cuí.

An Todhchaí Leathnófar sainchúram na Comhairle go suntasach de réir mar a chuirfear an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 (Acht ODRSO) i bhfeidhm. Cé nár tionscnaíodh ranna áirithe den Acht, tá díomá ar an gComhairle nach bhfuil a thuilleadh dul chun cinn déanta i leith an Achta a chur i bhfeidhm a bhronnann cearta reachtúla i leith measúnaithe, pleananna oideachais agus próisis achomharc ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair chun uaillmhianta an Achta a bhaint amach, áfach, ar gach bealach is féidir, ar feitheamh a thionscnaimh.

Táimid ag súil le heolas níos cuimsithí a chur ar fáil in eagráin na Nuachtlitreach amach anseo faoi ghníomhaíochtaí éagsúla na Comhairle. ■

Clár Ábhar

Nuacht na Comhairle
Ballraíocht na Comhairle 2
Ceisteanna Coitianta 2

Obair a dhéanamh le scoileanna agus tuismitheoirí
Ról an SENO 3

Taighde NCSE
Nuashonrú maidir le Taighde 4
Cad is oideachas uileghabhálach ann? 5

Roinn SENO
Réamhscoil i dTiobraid Árann Theas 6
Breathnuithe ó SENO 7

Roinn na Scoile
Scoil Chainnigh (St. Canice's), Cill Chainnigh 8
Scoil Mhuire gan Smál, Cill Sáráin 10

Féadtar ailt atá le breathnú le haghaidh foilsithe agus tráchtanna faoin nuachtlitir a chur ar aghaidh ar ríomhphost chuig: newsletter@ncse.ie

Is iad na tuairimí a chuirtear in iúl sa nuachtlitir seo tuairimí údar aonair agus ní gá go dtacódh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leo.

Comhaltacht na Comhairle Reatha

An tUasal Sydney Blain (Cathaoirleach) Príomhoide, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath

An tUasal Christy Lynch, Príomhfheidhmeannach, KARE

An Dr Seamus Hegarty, Cathaoirleach an International Association for the Evaluation of Educational Achievement. Iar-Stiúrthóir an National Foundation for Educational Research in England and Wales

Siobhán Barron, Uasal, Stiúrthóir, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais

An tUasal Rory O Sullivan, Príomhoide, Coláiste Breisoideachais Chill Easra, Baile Átha Cliath

Teresa Griffin, Uasal, Príomhoifigeach, An Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An tUasal Tom O Sullivan, Ard-Rúnaí Cúnta, Cumann Múinteoirí Éireann. Iar-Phríomhoide Scoil Náisiúnta Sheanáin do Bhuachaillí, Luimneach

An tOllamh Patricia Noonan Walsh, NDA, Ollamh Léann Míchumais, UCD. Comhalta an *International Association for the Scientific Study of Intellectual Disability*

Maighread Ní Ghallchobhair, O.P., Iar-Phríomhoide Scoil Benincasa do leanaí a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta acu

Anita Dillon, Uasal, Comhordaitheoir ranga speisialta i Meánscoil na Toirbhirte Choill an Átha, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí.

Caroline O Brien, Uasal, Príomhoide Cúnta ag an Meánscoil an Linbh Naofa, Cill Iníon Léinín, Contae Bhaile Átha Cliath. Iarchomhalta Bhord Stiúrthóirí Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann.

An tUasal Don Mahon, Príomhchigire Cúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An tUasal Barry Murphy, Príomhoifigeach, An Roinn Sláinte agus Leanaí

Maighread Ní Ghallachobhair, O.P., Anita Dillon agus Don Mahon, Comhaltaí na Comhairle

Christy Lynch, Barry Murphy agus Teresa Griffin, Comhaltaí na Comhairle

Ceisteanna Coitianta

Cén fáth ar bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta?

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun seirbhísí a chomhordú agus a sheachadadh chuig mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag an leibhéal áitiúil. Bhí sé de dhualgas aici chomh maith taighde a dhéanamh, comhairle bheartais a sholáthar don Aire Oideachais agus faisnéis a scaipeadh faoi dhea-chleachtas maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ar na bealaí sin, déanann an Chomhairle éascaíocht do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú mar chuid den chóras scoile.

An oibríonn an NCSE le tuismitheoirí nó le scoileanna amháin?

Oibríonn an NCSE le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear tuismitheoirí, scoileanna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Ranna Rialtais, seirbhísí síceolaíochta oideachais (lena n-áirítear NEPS) agus raon gníomhaireachtaí eile ábhartha chun caighdeán agus seachadadh seirbhísí cuí cuimsitheacha oideachais speisialta a chinntiú agus cabhrú le feabhas a chur orthu.

Ceanglaítear ar an NCSE de réir an dlí oibriú laistigh de na beartais agus buiséid a fhorordaíonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta, agus a ról á chomhlíonadh aici, lena n-áirítear beartais maidir leis an leibhéal acmhainní agus cineál na seirbhísí atá le soláthar do chatagóirí áirithe riachtanais speisialta oideachais

Conas a rialaítear an NCSE?

Tá an Chomhairle freagrach as treoir straitéiseach agus rialú na heagraíochta. Ceapadh an Chomhairle reatha go ceann téarma trí bliana ón 1 Eanáir, 2007. Tá 13 comhalta mar chuid di a cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó dhaoine a bhfuil suim speisialta acu in oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nó iad siúd a bhfuil eolas acu i leith an oideachais sin.

Ról an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO)

Sé Goulding, Ceannaire na nOibríochtaí

Acmhainní a Thabhairt do Scoileanna

Ó mhí Eanáir 2005 i leith, tá an NCSE freagrach as acmhainní breise múinteoireachta agus SNA a dháileadh ar scoileanna ionas gur féidir leo tacaíocht a thabhairt do riachtanais speisialta oideachais leanaí, a thagann chun cinn ó mhíchumas. Ó shin i leith, soláthraíonn an NCSE tuarascálacha chomh maith don Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun cabhrú léi le cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar iompar nó teicneolaíocht oiriúnaitheach (a dtugtar trealamh speisialta air go coitianta). Déanann an NCSE bainistíocht ar an bpróiseas sin trí líonra náisiúnta lena mbaineann thart ar 80 SENO a imlonnaítear ar fud na tíre agus a dháileann na hacmhainní sin ar na scoileanna go léir ina ndúiche freagrachta.

Comhlíonann an NCSE an fheidhm seo, tríd na SENOanna, de réir bheartas an Rialtais mar a leagtar síos ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Cuireann scoileanna iarratais ar aghaidh ar na hacmhainní ábhartha chuig an SENO agus cuireann siad na tuarascálacha ábhartha gairmiúla faoi iamh agus é sin á dhéanamh acu, a bhaineann leis na leanaí i gceist (m.sh. tuarascálacha síceolaíochta). Mar thoradh air sin, dáileann an SENO na hacmhainní breise foriomlána múinteoireachta agus SNA ar an scoil do gach bliain acadúil, agus an méid seo á ghlacadh san áireamh:

- riachtanais na leanaí nua atá á gclárú sa scoil
- na hacmhainní a chuirtear ar fáil mar thoradh ar leanaí ag fágáil na scoile, m.sh. dul ar aghaidh chuig an dara leibhéal
- riachtanais leanúnacha na leanaí a leanfar ar aghaidh iad a chlárú sa scoil

Is éard a bhíonn i gceist leis an dúiche SENO, comhréir scoile thart ar 10,000 dalta, a mbeadh riachtanas speisialta oideachas ag 500–600 acu sin.

Faisnéis do Thuismitheoirí

Go ginearálta, cuireann scoileanna an fhaisnéis chroílárnach ar fáil do thuismitheoirí maidir le conas a chomhlíontar riachtanais speisialta oideachais a linbh i dtimpeallacht na scoile. Beidh uaireanta ann, áfach, nuair a lorgóidh an tuismitheoir faisnéis ón SENO maidir lena ról mar a leagtar amach thuas. Baineann siad sin leis na gnéithe seo thíos, go príomha

- an leibhéal acmhainní atá le cur ar fáil don scoil nuair a bhíonn a leanbh ag clárú den chéad uair sa bhunscoil
- saincheisteanna a bhaineann le haistriú a linbh go dtí timpeallacht dara leibhéal
- saincheisteanna a bhaineann le socrú a linbh i rang speisialta nó timpeallacht scoile speisialta
- conas a úsáidtear tuarascálacha gairmiúla agus conas a chomhlíonfar riachtanais chúraim a linbh (má aithnítear iad i dtuarascáil ghairmiúil) i dtimpeallacht scoile

Is féidir le SENOanna bualadh le tuismitheoirí nó plé le fiosruithe thar an nguthán má bhíonn sé sin níos áisiúla. Beidh na Senoanna amuigh ón oifig go ginearálta agus ag obair i scoileanna agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé sin isteach ar a gcumas chun bualadh isteach ar ghearrfhógra ach déanfaidh siad iarracht freagairt a thabhairt ag an deis is luaithe a bhíonn acu. ■

Féadtar sonraí teagmhála ar do SENO áitiúil a fháil ó do scoil áitiúil nó ó láithreán gréasáin na NCSE ag www.ncse.ie

Príomhthosaíochtaí don bhliain 2009

Déanfar tosaíocht do roinnt réimsí gníomhaíochta in 2009, mar chuid den Phlean Oibre don Chomhairle. Féadfar tagairt a dhéanamh dóibh siúd ar bhealach níos mine i nuachtlitir amach anseo.

Allocation of Resources to Schools

Leanfaidh SENOanna ar aghaidh ag déanamh iarratas ar acmhainní ó scoileanna a phróiseáil ionas gur féidir leis na scoileanna pleanáil a dhéanamh chun riachtanais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhlíonadh i rith na bliana acadúla 2009/10.

Commencement of Information Seminars for Schools/Parents

Tá sé beartaithe ag an NCSE, roinnt seisiún faisnéise a thionól do scoileanna agus tuismitheoirí, ina ndéanfar cur síos ar an mbeartas agus na nósanna imeachta a rialaíonn obair na Comhairle. Tá sé beartaithe go reáchtálfar seisiún ceisteanna agus freagraí tar éis an chuir i láthair sin. Ina thaobh sin, ní bheadh an staid i leith leanaí aonair mar ábhar plé i dtimpeallacht phoiblí.

Tá sé beartaithe go mbeidh tuiscint níos fearr ar phróiseas dáilte acmhainní na NCSE mar thoradh ar na seimineáir sin agus ag an am céanna go gcuirfidh siad deis ar fáil don Chomhairle chun tuairimí agus údair imní scoileanna agus thuismitheoirí a chomhordú ar mhodh struchtúrtha. Ina dhiaidh sin cuirfidh sé sin ar chumas na Comhairle easnaimh a aithint maidir le conas a sholáthraítear faisnéis do scoileanna agus ba chóir dó tionchar a imirt ar cad iad réimsí a mbeadh aird ar leith de dhíth orthu.

Further Development of Contacts with the Health Sector

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an bpróiseas pleanála le haghaidh mheasúnú agus sheachadadh na seirbhísí faoin Acht ODRSO agus faoin Acht um Míchumas agus tá sé beartaithe go ndéanfaí a thuilleadh forbartha ar theagmhálacha idirghníomhaireachta idir an NCSE agus FSS, go háirithe ag an leibhéal áitiúil.

Mar chéad chéim, tá idirchaidreamh ar bun ag an NCSE le FSS maidir leis na leanaí sin faoi bhun 5 bliana d'aois a bhfuil measúnú déanta go bhfuil siad faoi mhíchumas. Tá sé beartaithe go mbeidh próiseas pleanála feabhsaithe i bhfeidhm don uair a chláraíonn na leanaí sin sa scoil ag an leibhéal bunscoile mar thoradh ar chur chuige chomhleanúnach a fhorbairt.

Nuashonrú maidir le Taighde na NCSE

Jennifer Doran, Ceann Taighde agus Forbartha

An Fheidhm Thaighde

Is é ceann de phríomhrólanna na Comhairle taighde a dhéanamh chun bonn fianaise a chur ar fáil lena feidhmeanna a thacú. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí taighde le forbairt chomhairle bheartais faoi ábhair oideachais speisialta agus tugann siad cúnamh maidir le faisnéis a bhaineann leis an dea-chleachtas i leith oideachais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a scaipeadh i measc scoileanna, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara cuí eile.

Is iad an Ceannaire Taighde agus Forbartha, Jennifer Doran, agus an tOifigeach Taighde, Clare Farrell atá i gceist le foireann na feidhme taighde. Tacaíonn Coiste Taighde agus Cumarsáide, ar fochoiste de chuid na Comhairle é, leis na feidhmeanna seo. Tagann an Coiste le chéile thart ar uair amháin gach sé seachtaine nó ocht seachtaine agus is é an Dr Seamus Hegarty an cathaoirleach air. Is comhaltaí den Choiste í an tOllamh Patricia Noonan Walsh agus an tUasal Tom O' Sullivan chomh maith (tá post amháin folamh faoi láthair). Tagann comhaltaí den Choiste le chéile go rialta ina theannta sin chun tairiscintí a mheasúnú agus/nó agallamh a chur ar iarrthóirí taighde.

An Chreatlach Taighde

Forbraíodh Creatlach Taighde straitéiseach do 2009-2010 agus comhaontaíodh uirthi i 2008, creatlach a threoraíonn an clár oibre taighde. Tháinig sé chun cinn ó Ráiteas Straitéise na NCSE 2008- 2011, tosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Forfheidhmiúcháin na NCSE (2006) agus ó phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Scríobhadh chuig raon leathan de bhreis is céad páirtí leasmhar agus tugadh cuireadh dóibh moltaí a dhéanamh le haghaidh téamaí taighde tosaíochta. Ina theannta sin, cuireadh fógraí poiblí in an-chuid nuachtán náisiúnta agus ar láithreán gréasáin na NCSE. Fuarthas 42 aighneacht scríofa ar an iomlán, ar thacaigh litreacha ó 19 nduine aonair le roinnt acu.

Tháinig ceithre théama taighde tosaíochta chun cinn as an gcleachtadh sin, a raibh roinnt fothéamaí mar chuid de gach ceann acu:

1 Taithí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus taithí a dtuismitheoirí
   a. Rochtain agus taithí ar oideachas uileghabhálacha agus ar an gcuraclam.
   b. Torthaí do leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (SEN).
2 Dea-chleachtas/beartais maidir leis an soláthar do leanaí a bhfuil SEN acu.
   a. Pleanáil oideachais chun riachtanais speisialta oideachais aonair a chomhlíonadh.
   b. Measúnú ar SEN.
   c. Saincheisteanna éifeachtúla oideolaíochta agus curaclaim.
   d. Acmhainn scoile agus cineál na mbeart agus na n-acmhainní tacaíochta.
3 Saincheisteanna foirne agus tacaíochta
   a. Riachtanais oiliúna agus forbartha múinteoirí, foirne tacaíochta agus daoine gairmiúla eile.
   b. Comhoibriú agus comhpháirtíocht ag obair laistigh de sheirbhísí oideachais agus seirbhísí eile agus eatarthu.
4 Bailiúchán sonraí feabhsaithe
   a. Leitheadúlacht SEN/míchumais.
   b. Leibhéal minicíochta cineálacha áirithe.

An dara duine ón gclé, Jennifer Doran, an Ceannaire Taighde agus Forbartha, le comhaltaí an Choiste Taighde, ón gclé, Tom O'Sullivan, Seamus Hegarty agus Patricia Noonan Walsh

Gníomhaíochtaí Taighde

Clár 2008/2009

Ba thús bliana gnóthaí í 2008 don fheidhm taighde, agus coimisiúnú déanta do líon mór tionscadal taighde, mar seo a leanas:

- Athbhreithniú ar scoileanna agus ranganna speisialta.
- Ceithre athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta ar fhianaise ar sholáthar an dea-chleachtais agus torthaí bunaithe ar fhianaise in oideachas daltaí agus mac léinn atá:
  - Bodhar/a bhfuil lagú éisteachta acu
  - Dall/Lagamhairc
  - Uathach
  - Suaite ina mothúcháin/a bhfuil deacracht iompraíochta acu.
- Athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta ar na nósanna imeachta/uirlisí diagnóiseacha a úsáidtear chun míchumas a dhiagnóisiú agus na nósanna imeachta/uirlisí measúnaithe a úsáidtear chun na riachtanais speisialta oideachais a eascraíonn as an míchumas diagnóisithe a aithint.

- Measúnú ar thaithí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.
- Staidéar chun iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an churaclaim i ranganna príomhshrutha bunscoile a áiríonn daltaí a bhfuil raon riachtanais speisialta oideachais acu sna naíonáin sóisearacha agus sna naíonáin sinsearacha, rang a haon agus rang a dó; agus rochtain ar an gcuraclam i measc na ndaltaí sin.
- Suirbhé náisiúnta tuismitheoirí ar mheonta agus taithí maidir leis na seirbhísí náisiúnta agus áitiúila oideachais speisialta (c 1,000).
- Rinneadh coimisiúnú, i gcomhar le Fóram Comhairliúcháin na Comhairle, d'athbhreithniú litríochta ar phrionsabail agus cleachtais an oideachais uileghabhálaigh.

Clár 2009/2010

- Staidéar fadaimseartha thar trí bliana a dhéanann imscrúdú ar conas a sholáthraítear oideachas speisialta laistigh de scoileanna na hÉireann, taithí daltaí/mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag fáil an oideachais sin agus a dtorthaí bainteacha. Déanfar an taighde seo a shíneadh níos faide ná na trí bliana ar feitheamh an mhaoinithe a chuirfear ar fáil.
- Staidéar ar riachtanas oideachais speisialta/ leitheadúlacht mhíchumais lena gcuimsítear athbhreithniú ar fhoinsí sonraí oideachais speisialta.
- Athbhreithniú ar phróiseas dáilte acmhainní na NCSE agus meastóireacht ar úsáid na n-acmhainní i scoileanna.
- Iniúchadh ar thaighde SEN atá déanta laistigh d'Éirinn ó bhí 2000 ann.
- Staidéar aistrithe/rochtana do dhaoine fásta faoi mhíchumas chun leas a bhaint as ardoideachas agus breisoideachas.
- Athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta ar shaincheisteanna curaclaim agus saincheisteanna rochtana curaclaim do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtimpeallachtaí iar-bhunscoile.

Gníomhaíochtaí Eile laistigh den Fheidhm Thaighde

Eisiaimh/Díbirt daltaí atá suaite go géar ina mothúcháin agus/nó a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu

I 2008, bunaíodh grúpa beag comhairleach idirghníomhaíochta chun iniúchadh tosaigh a dhéanamh ar riachtanais leanaí atá suaite go géar ina mothúcháin agus/nó a bhfuil deacrachtaí iompraíochta acu (EDBD), a d'fhéadfaí a eisiaimh ó scoileanna speisialta do EDBD géar mar thoradh ar fhoréigean leanúnach atá mar bhagairt do mhúinteoirí, daltaí eile agus/nó iad féin. D'ardaigh comhaltaí na Comhairle an fhadhb seo agus braitheadh go d'fhéadfadh an t-athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta EBD (a luadh roimhe seo) agus obair an ghrúpa chomhairligh feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna agus cabhrú le freagairt chuí a thabhairt ar a riachtanais. Tá obair an ghrúpa seo ag leanúint ar aghaidh i 2009.

Creatlach um Oideachais Uileghabhálach do Scoileanna

Beidh na feidhmeanna taighde agus beartais ag comhoibriú le chéile i rith na bliana seo chugainn le hionadaí grúpa ilghníomhaireachta oideachais agus páirtithe leasmhara chun Creatlach Uilechuimsitheach agus uirlis féinmheasúnaithe a fhorbairt ar féidir le scoileanna a úsáid ar bhonn deonach chun a leibhéil uileghabhálachta a mheas. Tagann an tionscnamh seo chun cinn go díreach ó cheann amháin de chúig thosaíocht na Comhairle de réir an Ráitis Straitéise 2008- 2011, ar é ceann de na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na tosaíochtaí 'creatlach a bhunú chun leibhéil uileghabhálachta a thomhas'. Is é an méid sin an chéad chéim eile san obair a rinneadh i gcomhar leis an bhFóram Comhairliúcháin a luadh roimhe seo.

Tionscnamh Taighde um Oideachais Speisialta (SERI)

Sholáthair an NCSE sraith deontas taighde faoin Tionscnamh Taighde um Oideachas Speisialta (SERI) ag deireadh 2006. Tá tuarascálacha ó na tionscadail seo á dtabhairt chun críche i gcónaí tríd an bpróiseas caighdeánach athbhreithnithe agus cuirfear cuid de na tuarascálacha ar láithreán gréasáin na Comhairle a luaithe a shíneofar orthu.

Cad is oideachas uileghabhálach ann?

Mhol an Fóram Comhairliúcháin an sainmhíniú seo a leanas ar uileghabhálacht i gcomhairle a tugadh don Chomhairle

"Meastar gurb é atá i gceist le huileghabhálacht próiseas:

- **a thugann aghaidh agus freagairt ar éagsúlacht riachtanas foghlaimeoirí trí éascaíocht a dhéanamh do rannpháirtíocht i bhfoghlaim, cultúir agus pobail, agus**
- **a bhaineann baic laistigh den oideachas agus ón oideachas trí oiriúnú agus soláthar struchtúr agus socruithe cuí**

chun cur ar chumas gach foghlaimeora an tairbhe is mó is féidir a bhaint óna thinreamh/ tinreamh ar an scoil.

NB FO-NÓTA: ní mór breathnú ar an sainmhíniú seo i gcomhthéacs shainchúram reachtúil na Comhairle de réir mar a leagtar amach in Acht ODRSO"

Bunú Soláthair Réamhscoile do Dhaltaí ar Diagnóisíodh go raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu i dTiobraid Árann Theas

Aisling Bacon, Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (a d'oibrigh roimhe seo do Thiobraid Árann Theas ach a oibríonn d'Uíbh Fhailí faoi láthair)

Faisnéis Chúlra

I mí Mhéan Fómhair 2007, rinne an Comhordaitheoir Ceantair um Sheirbhísí Míchumais (FSS) i dTiobraid Árann Theas teagmháil leis an Eagraí áitiúil Riachtanas Speisialta Oideachais, ag féachaint do sheirbhís ainmnithe réamhscoile a bhunú do dhaltaí a diagnóisíodh go raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu (ASD). Cuireadh ar aird na mbainisteoirí laistigh de FSS i dTiobraid Árann Theas nach raibh dóthain áiteanna ag Ionaid reatha Forbartha Luaithe Bhráithre na Carthanachta do leanaí ar diagnóisíodh go raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu.

Is Scoil Speisialta áitiúil í Scoil Aonghusa a dhéanann freastal ar riachtanais leanaí atá idir 4 bliana agus 18 mbliana d'aois atá faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta Meánach/Géar/Trom. Rinne Bord Bainistíochta Scoil Speisialta Aonghusa, Caiseal iarratas ar bhunú réamhscoile ainmnithe do dhaltaí a raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu laistigh de chatagóirí míchumais foghlama ginearálta mheánaigh/ghéir/throm chuig an Eagraí áitiúil Riachtanas Speisialta Oideachais i mí Aibreáin 2008.

Is Scoil Speisialta í Scoil Chormaic a dhéanann freastal ar riachtanais leanaí atá idir 4 bliana go leith agus 18 mbliana d'aois atá faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta Éadrom. I mí Aibreáin 2008, rinne Bord Bainistíochta Scoil Speisialta Chormaic, Caiseal iarratas ar bhunú réamhscoile ainmnithe do dhaltaí a raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu laistigh de chatagóirí míchumais foghlama ginearálta éadroim/teorannaigh agus os a chionn sin chuig an Eagraí áitiúil Riachtanas Speisialta Oideachais.

Rinneadh na hiarratais sin tar éis sraith idirbheartaíochta agus pléití fada trasearnála (FSS, RES agus an NCSE). Reáchtáladh dhá chruinniú lenar bhain na páirtithe leasmhara ábhartha ó Scoil Speisialta Aonghusa, Scoil Speisialta Chormaic, Seirbhísí Míchumais FSS, Seirbhísí Foirne um Luath-Idirghabháil, Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta agus an t-Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais. Aithníodh an gá le seirbhísí ainmnithe luath-idirghabhála do dhaltaí ar diagnóisíodh go raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu i gceantar Thiobraid Árann Theas, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh i láthair don SENO trí iarratais ó na scoileanna, cruinnithe trasearnála, pléití ó phríomhoidí an dá scoil, tuismitheoirí agus daoine gairmiúla ábhartha FSS.

Bhuail an tEagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) leis an gComhordaitheoir Ceantair um Sheirbhísí Míchumais (FSS) chun iarrthóirí poitéinsiúla ar an rang luath-idirghabhála agus seachadadh sheirbísí FSS chuig an rang a phlé. Lorg an SENO dearbhú ón gComhordaitheoir Ceantair um Sheirbhísí Míchumais nach mbeadh an macasamhlú seirbhísí do leanaí a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais acu (ASD) agus go soláthrófaí na seirbhísí riachanacha FSS don rang. Fuarthas dearbhú ó FSS go mbeadh fáil go leanúnach ar sheirbhísí na Foirne Luath-Idirghabhála/Forbartha Réamhscoile don chohórt leanaí a cláraíodh sna ranganna luath-idirghabhála ASD le measúnú, cóiréail agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Tarraingítear an tseirbhís seo ón bhFoireann reatha Luath-Idirghabhála/Forbartha Réamhscoile ionas nach raibh aon bhrú breise á chur ar na hacmhainní reatha a dáileadh ar cheachtar de na scoileanna speisialta.

Thug na príomhoidí scoile agus an SENO cuairt ar an tseirbhís reatha luath-idirghabhála ag Scoil Speisialta Iósaif i gCathair Phort Láirge.

Dháil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta acmhainní, de réir chritéar bunaithe na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, ar gach ceann de na scoileanna chun cur ar a gcumas an tseirbhís nua a bhunú. Úsáideadh an sceideal caighdeánach ranga speisialta ASD do na ranganna speisialta luath-idirghabhála a chuireann cóimheas Dalta: Múinteora 6:1 agus Cóimheas Ranga:SNA 1:2 ar fáil.

Aonghusa Beag

Bhunaigh Scoil Speisialta Aonghusa 'Aonghusa Beag' i mí Mheán Fómhair 2008. Is é an bonn atá ann don chlárú nach mór don leanbh a bheith trí bliana d'aois agus gur diagnóisíodh nó go ndearnadh diagnóisiú oibre go raibh ASD acu agus go raibh siad faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta géar/trom.

Tá an scoil airdeallach go háirithe gur seirbhís luath tiomnaithe ASD laistigh de Scoil Speisialta é Aonghusa Beag. Mar thoradh air sin, tá tuismitheoirí na leanaí óga a diagnóisíodh go raibh Neamhord ar Speictream an Uathachais acu á gcur ar an eolas faoi Oideachas Speisialta ag céim luath. Tuigeann an scoil go d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair ar roinnt tuismitheoirí a bheith bainteach le hOideachas Speisialta ag an gcéim luath seo d'oideachas a linbh. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas nach seirbhís fhriothálach é Aonghusa Beag le Scoil Aonghusa agus go ndéanann daoine gairmiúla múinteoireachta agus sláinte a bhaineann leis an tseirbhís a sheachadadh athbhreithniú ar riachtanais aonair an linbh nuair a thagann an t-am don leanbh aistriú a dhéanamh chuig oideachas bunscoile.

Tá curaclam réamhscoile i bhfeidhm le rannpháirtíocht ó thuismitheoirí agus teiripeoirí. Tá tráchtanna dearfacha déanta ag tuismitheoirí faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanaí agus measann siad go bhfuil ag éirí go hiontach leis an tseirbhís. Tá tuismitheoirí an-sásta leis an tseirbhís iomlán cúig lá atá á cur ar fáil faoi láthair dóibh siúd atá cláraithe in Aonghusa Beag.

Luaigh Bord Bainistíochta na scoile: "Tá an-áthas orainn go bhfuil soláthar den chineál seo ann agus go bhfuilimid rannpháirteach den

chéad uair riamh, ón tús agus go bhfuil ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ón aois luath seo ar aghaidh."

Scoil na nÓg

Bhunaigh Scoil Speisialta Chormaic 'Scoil na nÓg' chomh maith i mí Mheán Fómhair 2008. Is é an bonn atá ann don chlárú nach mór don leanbh a bheith trí bliana d'aois agus gur diagnóisíodh nó go ndearnadh diagnóisiú oibre go raibh ASD acu agus go raibh siad faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta Éadrom, Míchumas Foghlama Ginearálta Teorannach nó os a chionn.

Sonraíonn ráiteas misin Scoil na nÓg: "Tabharfaidh Scoil na nÓg freagairt ar riachtanais ár leanaí trí thimpeallacht sábháilte, iontaofa agus chúramach a chur ar fáil a sholáthraíonn deiseanna le foghlaim agus raon éagsúil na taithí a bhfuil gá leis ionas go mbainfidh gach leanbh a bpoitéinseal iomlán amach mar bhaill den tsochaí níos leithne."

Tá cur chuige eicléictiúil múinteoireachta i bhfeidhm i Scoil na nÓg chun aonánacht agus uathúlacht gach linbh a thabhairt san áireamh agus a shuimeanna/suimeanna agus a chumais/cumais a chothú agus a riachtanais a thacú. Is é tuairim na foirne go mbíonn luath-idirghabháil iomlánaíoch ríthábhachtach maidir le forbairt leanaí óga a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais acu, go háirithe sa réimse chumarsáide agus forbartha sóisialta. Tá na modheolaíochtaí bunaithe ar chur chuige TEACCH ach tuigtear go mbaineann luach le riachtanais aonair leanaí agus, nuair is féidir, comhlíontar iad trí ghnéithe idirghabhálacha éagsúla, lena n-áirítear PECS, ABA, Teiripe Chomhtháthaithe Chéadfaigh, Oiliúint Scileanna Sóisialta agus Teiripe Ainmhí-Chuidithe. Ina theannta sin, áireofar ar na gníomhaíochtaí atá mar chuid den chur chuige éicléictiúil deiseanna comhtháthaithe shóisialta, ceol, súgradh, ealaíon agus ceardaíocht, ríomhairí, drámaíocht agus a thuilleadh, ag brath ar shuim agus cumas.

Soláthraíonn na seomraí ranga san dá scoil timpeallacht lena mbaineann struchtúr soiléir ina bhfuil córais tacaíochta amhairc i bhfeidhm a chabhraíonn le neamhspleáchas agus treoshuíomh na leanaí réamhscoile a fheabhsú.

Ag dul chun cinn

Tá na Seirbhísí Luath-Idirghabhála ASD i dTiobraid Árann Theas i bhfeidhm anois le beagnach bliain iomlán acadúil. Tá leanaí ann a fhágfaidh na seirbhísí ag deireadh na bliana acadúla 08/09, ar cuireadh sainsoláthar lánaimseartha luath-idirghabhála ASD ar fáil dóibh agus ar tugadh an deis dóibh a bhféinmuinín, a bhféinmheas, a gcumarsáid agus a scileanna sóisialta a fhorbairt i dtimpeallachtaí tacúla agus cúramacha. D'fhéadfadh roinnt leanaí a chríochnaíonn na seirbhísí idirghabhála dul ar aghaidh chuig oideachas príomhshrutha, d'fhéadfadh leanaí eile fanacht sa chóras scoile speisialta ach cibé treo a roghnaíonn tuismitheoirí na leanaí seo, bheadh comhbhreathnú déanta air le múinteoirí agus baill de dhaoine gairmiúla Fhoireann Luath-Idirghabhála Thiobraid Árann Theas.

Cuireadh an tsamhail seo de thacaíocht luath-idirghabhála ar fáil mar thoradh ar chomhoibriú, cumarsáid agus pleanáil leanúnach idir scoileanna, tuismitheoirí, an Comhordaitheoir Ceantair um Sheirbhísí Míchumais (FSS), an Fhoireann Luath-Idirghabhála agus an SENO (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta). Gur fada a leanfaidh sé ar aghaidh!

Breathnuithe ó SENO

Margaret Carroll, SENO

... maidir le dea-chleachtas a tugadh faoi deara i leith leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu a thabhairt san áireamh i rang príomhshrutha bunscoile.

'Cuimhneoidh mé an rang áirithe seo go deo. Ba é an rud ba shuntasaí domsa maidir leis an rang nach mbeadh sé soiléir don ghnáthdhuine a bheadh ag breathnú air go raibh leanbh ar bith sa rang a bhí faoi mhíchumas. Déanta na fírinne, bhí triúr mac léinn ar measadh cheana go raibh siad faoi mhíchumas íosmhinicíochta agus rinneadh measúnú comhchosúil ar leanbh eile ina dhiaidh sin.

Arbh í an difríocht a bhí ann na hacmhainní breise a bhí ag an scoil chun freastal a dhéanamh ar na mic léinn sin? Bhí 14 uair an chloig múinteoireachta acmhainne ar fáil chomh maith le tacaíocht Chúntóra lánaimseartha Riachtanas Speisialta a bhfuil mé cinnte go ndearna sé difríocht maidir le riachtanais na mac léinn seo a chomhlíonadh. Ba í an tuiscint a bhí agamsa, áfach, gurbh é meon agus taithí an mhúinteora ba mhó a chur le feabhas an ranga áirithe seo, chomh maith lena pleanáil agus a cumas chun an leas is fearr a bhaint as láidreachtaí an mhic léinn agus na dinimic ar chabhraigh sí lena fhorbairt laistigh den rang.

Sampla de seo ab ea, gur tugadh cead do leanbh le Siondróm Asperger súgradh lena chluiche leictreonach ar an gcoinníoll gur imir sé é le daoine eile agus gur thóg sé cora srl., le linn seisiún saor (struchtúrtha) inar roghnaigh na mic léinn gníomhaíoch le déanamh. Bhí sé an-suimiúil breathnú ar an gcaint agus an idirghníomhaíocht a tharla ar bhealach an-nádúrtha. Bhí an tacaíocht ón gCúntóir Riachtanas Speisialta chomh discréideach sin nár chosúil gur thuig na leanaí go raibh sí ansin do leanbh aonair ar leith. Ba í an tuiscint a bhí acu gur cúntóir an mhúinteora í, ní cúntóir aon linbh sa rang. Cé go raibh comhrochtain ag an triúr leanaí ar thacaíocht SNA, ghlac an múinteoir smacht agus freagracht iomlán as oideachas na mac léinn go léir.

Cé go mbíonn acmhainní breise tábhachtach maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thabhairt san áireamh i ranganna príomhshrutha, nach é an bealach a mbaintear úsáid astu chomh maith a chuireann brí le huileghabhálacht? Is cosúil go minic gurb iad na nithe beaga a d'fhéadfadh difríocht mhór a dhéanamh.'

Rang Speisialta i Scoil Náisiúnta Comhoideachais Chainnigh, Cill Chainnigh

Maria Comerford, Príomhoide

Is dáta é an 7 Márta 2007 a gcuimhneoimid go deo anseo i Scoil Náisiúnta Comhoideachais Chainnigh, Cill Chainnigh. Tar éis na míonna a chaitheamh ag déanamh ullmhúcháin, osclaíodh ár rang speisialta uathachais ar deireadh, bhí na leanaí tagtha chun na scoile agus bhí gach rud réidh le dul ar aghaidh.

Nuair a tháinig ár SENO chugainn ar dtús chun plé a dhéanamh ar aonad a bhunú toisc go raibh beirt daltaí aici gan aon socrú scoile, mheasamar go raibh an t-ionad mícheart roghnaithe aici. Is scoil ingearach comhoideachais phríomhshrutha í Scoil Chainnigh, ina raibh 515 mac léinn cláraithe an uair sin. Is scoil bheoga ghnóthach muid ina bhfuil raon mór gníomhaíochtaí seach-chura-claim agus a mbíonn dreamanna móra ag bogadh thart ann i gcónaí. I bhfianaise ár n-eolais theoranta ar uathachas, ní rabhamar ach in ann leanaí a bhí íogair ó thaobh torainn a shamhlú ag teacht isteach agus go mbeidís trína chéile agus strus orthu mar thoradh ar ár dtimpeallacht scoile. Seachas sin, bhí acmhainn na scoile lán, cosúil le go leor scoileanna eile, agus líon ár ndaltaí ag méadú de shíor. Mholamar "roghanna eile oiriúnacha" dá bhrí sin.

Ar an dea-uair, lean an SENO lena hiarracht agus nuair a tháinig sí chugainn arís agus teipthe uirthi "rogha eile oiriúnach" a aimsiú, thosaíomar ag déanamh fíorbhreathnaithe ar an smaoineamh.

An chéad chéim – cad a shílfeadh ár mbaill foirne? Tháinig na húdair imní go léir a bhí againn ó thús chun cinn arís cé go raibh gach duine an-dearfach faoin smaoineamh. Bhain ár bpríomhúdar imní lenar gcumas chun déileáil leis an tionscnamh nua anaithnid seo.

D'éist ár mBord Bainistíochta le míniú an SENO maidir le cad a bheadh ag teastáil agus tar éis an-chuid plé, comhaontaíodh gurbh é an t-aon chinneadh "ceart" a bheadh ann chun glacadh leis an tionscadal seo ar an gcoinníoll go raibh na baill foirne toilteanach chun triall a bhaint as.

Ba é an meon dearfach seo ón bhfoireann agus ón mbord an chéad mhórchéim i dtreo iarracht a dhéanamh chun an tionscnamh seo a chur ag obair.

Anois an dúshlán – Múinteoir? Seomra? SNAnna?

Chinneamar imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhain le dhá sheomra a bhí nasctha leis an Halla Pobail a úsáid atá lonnaithe ar thailte na scoile toisc go raibh taithí an-strusmhar míshásúil againn cheana ar thithe réamhdhéanta a fháil ar cíos. Thuigeamar tar éis cuairt a thabhairt ar scoil i Loch Garman a raibh aonad laistigh de thithe réamhdhéanta in úsáid acu go ndéanfadh na seomraí sin an chúis mar phointe tosaigh. Is iontach an rud é ar féidir tógálaí maith a chruthú agus laistigh de

> **"Ba é an meon dearfach seo ó na baill foirne agus ón mbord an chéad mhórchéim i dtreo an tionscnamh seo a chur ag obair"**

chúpla seachtain, bhí painéil ghloine, doirse agus fiú bíoma le haghaidh luascán agus trealamh céadfach déanta. Tosaíodh cruth a chur ar gach rud le brat péinte, líonóil nua agus troscán nua. Le linn na chéad mhíonna eile, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta trealamh a bhí molta ag Teiripeoir Ceirde agus chuir sí maoiniú ar fáil dó agus rinne athchóiritheoir áitiúil troscáin na frámaí pardógach don Seomra Céadfach.

Ba í an chéad chéim mhór eile ár múinteoir iontach a earcú, a tháinig chugainn le taithí, saineolas agus fíorphaisean don phost. Is féidir liom a rá go hionraic nach mbainfí an méid seo amach gan í a bheith linn. Ón gcéad chruinniú oifigiúil a thiónólamar lenár dtuismitheoirí nua, an SENO agus an síceolaí, chuala mé ár múinteoir agus na tuismitheoirí ag déanamh teagmhála agus ag caint i dteanga nach raibh mé féin in ann a thuiscint, agus bhí a fhios agam go n-éireoidh leis an tionscnamh seo.

Chomhlánaigh ár gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) ár bhfoireann "Triple A" agus tá obair iontach déanta ag an bhfoireann seo. Is foireann chumasach, tiomanta iad, nach gcuireann mórán isteach orthu agus iad greannmhar, fuinniúil, cúramach agus dianoibritheach, cuireann siad go mór le saol a ndaltaí agus tugann siad aire dóibh ar go leor bealaí éagsúla nach bhfuil mar chuid dá ndualgais fiú.

Ba léir gur thimpeallacht idéalach dá ndaltaí nua é an rang speisialta laistigh den phríomhshruth agus tháinig rath orthu idir go hacadúil agus go sóisialta. Bhí an-chuid iompraíocht dhúshlánach i gceist sa rang ach glacadh léi agus pléadh léi mar chuid den phacáiste.

Chláraigh beirt daltaí nua mar Naíonáin Sóisearacha i mí Mheán Fómhair 2008. Tá an bheirt acu socraithe isteach go han-mhaith agus is dlúthchairde iad lena chéile. Déantar an bheirt acu a chomhtháthú an chuid is mó den lá i ranganna príomhshrutha na Naíonán Sóisearach.

Bhí mé ag súil ar dtús gur sna réimsí Ealaíne, Corpoideachais agus Ceoil a dhéanfaí comhtháthú. Chruthaigh na leanaí go raibh mé mícheart arís. Tá comhtháthú ag tarlú ar fud na réimsí ábhair go léir. Tá duine amháin de na chéad daltaí a cláraíodh i rang a cúig anois agus táimid bródúil go bhfuilimid ag ullmhú anois don aistriú chuig meánscoil phríomhshrutha i gceann bliana!



Anois, ar eagla go sílfeadh aon duine go bhfuil gach rud go hiontach anseo, tá an-chuid gnéithe diúltacha i gceist chomh maith. Beidh ár seomraí róbheag don bheirt daltaí a bheidh ag teacht isteach an bhliain seo chugainn. Caitear lá gach seachtain ar a laghad ag iompar gach rud amach ón seomra ranga do chruinniú Bhantracht na Tuaithe agus á n-iompar ar ais ansin an mhaidin dár gcionn. Bíonn lucha ar fud na háite i rith an gheimhridh. Níl aon seirbhísí bainteach leis an rang .i. níl aon fisiteiripe, teiripe urlabhra nó teiripe cheirde ar fáil. Ní bheidh aon mhaoiniú ag FSS do sheirbhísí ar bith dúinn go ceann i bhfad agus ba shin a dúradh liom roimh an gcor chun donais sa gheilleagar. Is toradh iad aon seirbhísí a fhaighdeann na daltaí ar a rannpháirtíocht sa Chúram Pobail agus ní san aonad againne. Is í seo an chéad bhliain a tugadh am dár síceolaí NEPS le caitheamh ar an aonad. Tuigim anois go mbeidh fíorbhrú ar an bhfoireann chun obair a dhéanamh le seisear daltaí agus leanúint ar aghaidh leis an gcomhtháthú agus cúig chlár éagsúla oibre. Ní post éasca é ar chor ar bith.

Is féidir liom a rá go hionraic, áfach, gurbh mhionghné a bhí i gceist leis na nithe diúltacha i gcomparáid leis na buaicphointí, cosúil leis an gCéad Chomaoineach á déanamh ag an gcéad leanbh ón rang (nuair a shil gach duine againn a bhí i láthair deor), ag féachaint ar na leanaí ag glacadh páirte i ndráma na Naíonán Sóisearaigh don Nollaig, na leanaí a fheiceáil ag déanamh a n-obair bhaile! Is iad seo na gnáthrudaí laethúla a thugann misneach don fhoireann.

Tá an-chuid scríofa san alt seo faoin méid atá déanta ag Scoil Chainnigh don Rang Speisialta. Tá sé chomh ábhartha céanna a thabhairt faoi deara cad atá déanta ag an rang do Scoil Chainnigh. Ní dóigh liom gur féidir liom freagra a thabhairt air sin gan roinnt cliché a úsáid. B'iontach an fhreagairt a thug na daltaí ón tús. Léirigh na leanaí i ranganna príomhshrutha, áit a ndéantar comhtháthú, doimheacht íogaire agus cineáltacht bhunúsach nach rabhamar ag súil leis riamh. Tá leathnú déanta ar ár n-intinn go léir. Feicimid taobh éagsúil leis an saol agus le hoideachas. Baineann an-chuid dár ndaltaí riachtanas speisialta i ranganna príomhshrutha úsáid as saoráidí an aonaid chomh maith. Roinn ár múinteoir ranga speisialta a saineolas linn go flaithiúil agus bhain múinteoirí príomhshrutha agus acmhainne úsáid as straitéisí iompraíochta ón aonad ar bhealach an-rathúil le leanaí eile. Tá tuiscint níos fearr againn anois ar an streachailt a bhíonn i gceist do chuid mhaithleanaí agus iad ag dul i ngleic le scoil agus tuigimid níos fearr, dá bhrí sin, cad a bhíonn i gceist dóibh siúd a dhéanann dul chun cinn maith.

> **"Léirigh na leanaí i ranganna príomhshrutha, áit a ndéantar comhtháthú, doimheacht íogaire agus cineáltacht bhunúsach nach rabhamar ag súil leis riamh"**

Ní mór aitheantas mór a thabhairt dár bhfoireann go léir a chuireann fáilte roimh dhaltaí ón rang speisialta isteach mar chuid dá ranganna príomhshrutha agus a chuireann a múinteoireacht in oiriúint dá riachtanais. Tá an-iarracht déanta ag baill foirne chomh maith chun daltaí a thabhairt san áireamh mar chuid de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim nuair is féidir. Táimid go léir i bhfad níos eolaí agus níos tuisceanaí maidir le réimse iomlán an uathachais. Is féidir liom anois ceisteanna ábhartha a chur nuair a thagann tuismitheoirí chun labhairt linn faoi leanaí a chlárú sa rang agus is féidir liom, fiú, cuid de na freagraí a thuiscint ó chuir mé téarmaí ar nós ABA, Teacch, PECanna, agus an téarma is fearr leis an Roinn – "éicléictiúil" le m'fhoclóir! Comhaontaíonn ár bhfoireann agus an bord go cinnte gur thionscnamh an-dearfach é seo don scoil. Bím ag smaoineamh uaireanta ar cé chomh gar a thángamar an taithí seo a chailleadh mar thoradh eagla roimh an rud anaithnid amháin agus measaim gur ceacht dea-fhoghlama atá ann.

Maidir leis an todhchaí, beidh bliain ghnóthach againn le rang iomlán an bhliain seo chugainn agus beidh orainn cóiríocht a shocrú. Beidh gá le tús a chur le hobair ar líonraí piara sóisialta tacaithe agus féachaint ar an rogha maidir le méadú a dhéanamh chuig dara rang más gá. Leanfaidh an troid i gcomhair acmhainní ar aghaidh mar is gnách ach mar is amhlaidh do gach scoil i ndeireadh na dála, déanfaimid ár ndícheall ar son na ndaltaí. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas speisialta a thabhairt d'obair ár dtuismitheoirí atá ag troid le fada agus go dian chun socrú scoile oiriúnach a fháil dá leanaí. Ní chuirfí an rang againne ar bun gan a mbreithiúnas agus ndiongbháilteacht chun soláthar a dhéanamh dá leanaí. Is féidir leo a bheith bródúil toisc go bhfuil an rang ar bun anois, ní hamháin le haghaidh a leanaí féin, ach le haghaidh mórán leanaí eile sna blianta amach romhainn, tá súil again.

Nuacht NCSE – An Nuachtlitir

Tá sé beartaithe go bhfoilseofar Nuacht NCSE dhá uair sa bhliain ar dtús. Is é an rún atá ann go soláthróidh an nuachtlitir seo faisnéis agus míreanna nuachta maidir le hobair agus oibríochtaí NCSE chomh maith le raon alt faoi conas a dhéanaimid, in éineacht le scoileanna agus gníomhaireachtaí eile, difríocht phraiticiúil i saol na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé mar rún againn chomh maith úsáid a bhaint as an nuachtlitir seo chun sibh a chur ar an eolas faoi thaighde atá á déanamh ag an gComhairle agus ailt fhaisnéise a fhoilsiú faoi na torthaí.

Beimid sásta breathnú a dhéanamh ar ailt ó scoileanna, múinteoirí aonair agus tuismitheoirí agus daoine gairmiúla eile faoina dtaithí maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena bhfoilsiú.

Féadtar ailt atá le breathnú lena bhfoilsiú agus tráchtanna faoin nuachtlitir a chur ar ríomhphost go dtí: newsletter@ncse.ie

Scoil Mhuire gan Smál, Cill Sárán

Gerry McCabe, Príomhoide

Is bunscoil phríomhshrutha Scoil Mhuire gan Smál, Kil Sárán, Co. Lú. Táimid an-sásta go bhfuil roinnt ranganna speisialta bunaithe againn laistigh dár scoil. Tháinig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) chugainn ar dtús i mí Aibreáin 2004, ag iarraidh orainn rang a bhunú do leanaí faoi Mhíchumas Foghlama Géar agus Trom. Osclaíodh an rang seo i mí Mheán Fómhair 2004 tar éis an-chuid pleanála agus tacaíochta ó DES i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá dhá rang speisialta bhreise againn inniu, tar éis comhobair a dhéanamh leis an NCSE, a dhéanann freastal ar dhaltaí le hUathachas acu agus tá súil againn rang Luath-Idirghabhála a oscailt gan mhoill do dhaltaí le hUathachas.

Tar éis roinnt deacrachtaí tosaigh, lena n-áirítear an t-údar imní a bhí le sárú, measaimid gurb eispéireas saibhriúcháin é go bhfuil ár leanaí fíorspeisialta againn mar dhaltaí inár scoil. Chinntigh comhoibriú mór idir tuismitheoirí, baill foirne, foirne FSS, NCSE agus ROE go n-éiríonn go han-mhaith leis na ranganna speisialta.

Baineann luach mór le bunú líonra na nEagraithe áitiúla Riachtanas Speisialta Oideachais (Senoanna) sa bhealach go bhfuil cur chuige níos comhordaithe anois maidir le soláthar a dhéanamh do riachtanais speisialta oideachais ár ndaltaí. Cruthaíonn an SENO an nasc idir tuismitheoirí, scoil agus cliniceoirí a chabhraíonn le hoideachas speisialta a dhéanamh níos uileghabhálaí fós.

Cuirtear na leanaí san áireamh i ngach gné de shaol na scoile, cé go mbíonn tacaíocht ó shocrú ranga speisialta ag teastáil uathu. Glacann na leanaí sa phríomhshruth leis na leanaí mar chuid de 'theaghlach' na scoile agus tá timpeallacht an-tait-neamhach agus an-chúramach déanta den am súgartha do gach duine lena mbaineann.

Tá dlúthchaidreamh oibre ag Foirne áitiúla FSS

“ Tá gá le timpeallacht saor ó strus agus shuaimhneach a chur ar fáil chun go mbeidh an rang éifeachtach. Ar an drochuair, ní hionann é sin a rá agus go mbeidh sé gan torannn ”

(Luath-Idirghabháil, Foireann na Leanaí agus Foireann an Uathachais) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le foireann na scoile. Bíonn siad sa scoil go minic ag tacú le hoideachas an dalta trí thacaíocht dhíreach daltaí, tacaíocht foirne agus trí threoir maidir le próiseas an Phlean Oideachais Aonair. Soláthraíonn an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta oiliúint do bhaill foirne chomh maith. Bíonn chomhchumarsáid agus comhoibriú leanúnach ar bun le tuismitheoirí.

Ar mhaithe le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim an dalta, buaileann múinteoirí le baill den fhoireann (SNAnna) sula dtosaíonn an rang. Bíonn na freagrachtaí agus na róil soiléir. Déantar athbhreithniú go leanúnach ar chumarsáid, straitéisí múinteoireachta agus idirghabhálacha iompraíochta.

Cuireann duine de na múinteoirí ranga speisialta in iúl: 'Tá gá le timpeallacht saor ó strus agus shuaimhneach a chur ar fáil chun go mbeidh an rang éifeachtach. Ar an drochuair, ní hionann é sin a rá agus go mbeidh sé gan torannn. Ní mór do na daoine fásta a bheith saor ó strus agus go mbeidh siad suaimhneach i gcónaí agus gan freagairt a thabhairt ar aon drochathruithe ar iompraíocht. Ní féidir é sin a chur i gcrích ach le dianiarracht foirne a dhéanann foireann chruthaitheach, phaiseanta agus tiomanta.'

Díríonn na múinteoirí go léir go leanúnach ar thacaíocht a thabhairt do dhaltaí le go dtabharfaí san áireamh iad níos mó sna ranganna príomhshrutha. Go dtí seo, éiríodh go maith lena bhaint amach sa bhealach gur glacadh triúr daltaí a cláraíodh ó thús sna ranganna Uathachais san áireamh go hiomlán anois i ranganna príomhshrutha.

Aithníonn an príomhoide, an tUasal Gerry McCabe, gurb iontach iad na tairbhí a bhaineann leis don scoil agus don phobal, cé go bhfuil méadú tagtha ar an ualach oibre ina iomláine. Tá na leanaí sna ranganna speisialta mar chuid lárnach de shaol na scoile; beannaíonn na leanaí eile orthu lena n-ainmneacha agus aithnítear iad agus a dteaghlaigh sa phobal áitiúil.

Tá lántacaíocht faighte ón mBord Bainistíochta, faoin gcathaoirleach, an tAth. Éamon Treanor, agus tugann siad spreagadh do chomhtháthú na ranganna speisialta mar chuid den scoil. Meastar gur cuid lárnach í seo den Éiteas Caitliceach a n-oibrímid faoi mar Scoil Uileghabhálach.